RTÉNL

Oibríonn RTÉNL, fochuideachta atá faoi úinéireacht iomlán RTÉ, líonra tarchuir de thart ar 200 láithreán tarchuir a chlúdaíonn gach cuid den tír.

Eolas faoi RTÉ

Is oibreoir líonra cumarsáide é RTÉNL, fochuideachta faoi úinéireacht iomlán RTÉ, ag a bhfuil portfóilió ollmhór de láithreáin fhorbartha agus acmhainní agus cumais intí innealtóireachta, pleanála agus tógála.

Cad a dhéanaimid

Scaipeann agus tarchuireann RTÉNL seirbhísí clár RTÉ Raidió agus Teilifís, TV3, TG4 agus Today FM. Soláthraítear seirbhísí tarchuir freisin chuig roinnt craoltóirí raidió áitiúla agus réigiúnacha mar aon le seirbhísí láithreáin chuig oibreoirí teileafóin soghluaiste, cuideachtaí cumarsáide príobháideacha agus na seirbhísí éigeandála.

Soláthraítear raon iomlán seirbhísí freisin don oibreoir craolacháin agus cumarsáide

- Láithreán a fháil agus a fhorbairt
- Pleanáil Minicíochta
- Dearadh innealtóireachta agus forbairt
- Lánpháirtiú agus cothabháil córais
- Trealamh a óstáil ar láithreáin
- Réitigh eochróra iomlánaíocha a sholáthar.

RTÉNL

Fánaid
Holywell Hill
Árainn Mhór
TROSC MÓR
CARN CLERMONT
Acaill
Caisleán an Bharraigh
CAIRN HILL
An Clohán
Casla
AN SLIABH RUA
CIP LÚIR
MACHAIRE
STUA LAIGEAN
Glenn na Súire
Dún Garbhan
MULLACH AN OIS
Kilkeaveragh
Spur Hill
Beanntraí
Baile Chaisleán Bhéara

Oibríonn RTÉNL líonra tarchuir de thart ar 200 láithreán tarchuir a chlúdaíonn gach cuid den tír. Réimsíonn méid na láithreán sin ó láithreáin mhóra ar bharr sléibhte a fhreastalaíonn ar na mílte teach go dtí láithreáin phobail áitiúla an-bheaga a fhreastalaíonn ar líon beag tithe.

Fostaíonn an chuideachta os cionn 70 foireann i gcúig bhunáit réigiúnacha agus tá saoráid na ceannoifige i mBaile Átha Cliath. Tríd an struchtúr sin, soláthraíonn RTÉNL gnáthoibríochtaí agus seirbhísí éigeandála cliseadh 24 uair sa lá gach uile lá.

Faoi láthair, tá RTÉNL rannpháirteach i dTriail Dhigiteach Trastíre dhá bhliain an Rialtais. Tá trí ilphléacs ag oibriú as Three Rock, Contae Bhaile Átha Cliath agus Clermont Carn, Co. Lú. Soláthraíonn na láithreáin sin clúdach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus san Oirthuaisceart. Tá triail Craolacháin Digiteach Fuaime (DAB) ar siúl freisin ag Three Rock agus ag Clermont Carn. Iompraíonn an triail sin seirbhísí raidió RTÉ agus Today FM. Tá sé beartaithe cur tuilleadh leis na seirbhísí sin níos déanaí i mbliana. Tá RTÉNL rannpháirteach freisin i dtriail Teilifíse soghluaiste DVB-H de chuid O2 a sholáthraíonn saoráidí ag Three Rock.